Na Cnocadóirí
Nuachtlitir, Eanáir 2010

Sioc agus sneachta.
Cnocadóirí ar bharr Ó Cualann, Nollaig 2009

Sa nuachtlitir seo

- Tuairisc ar an gCGB
- Dinnéar na Nollag
- Féilire 2010, Siúlóidí agus imeachtaí
- Cuairt ar Phríosún Chill Mhaighneann
- Rith 2010 – tar amach agus rith linn
- Siúlóidí sna Beanna Boirche
- Deireadh seachtaine sa Bhreatain Bheag
- Turas an tsamhraidh: réamhfhógra
- Seaicéid lomra ar díol arís

Bliain úr fuar, ach a fhad is a bhí an tír ar fad faoi bhrat bán …

... bhí coiste an chlub ag obair leo cois tine, ag pleanáil siúlóidí, turas agus imeachtaí eile le haghaidh 2010. Guímid bliain nua faoi mhaise ar ár seanchairde agus ar chnocadóirí nua araon, agus beimid ag súil le bualadh libh ar na cnoic le linn na bliana.
Coiste na gCnocadóirí.

Céadsiúlóid 2010: Binn Éadair, 02/01/10

Cruinniú Ginearálta Bliantúil

D'fhreastal 13 bhall ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) ar an 20 Deireadh Fómhair.

⇒ Socraíodh go bhfágfaí amanna cruinnithe agus tosaithe na siúlóidí gan athrú an geimhreadh seo: 10.30 r.n. ar Shráid Mhic Liam agus 11.45 r.n. ag tús na siúlóide

⇒ Leasaíodh bunreacht an chlub. Is leor fógra a chur chuig an rúnaí 15 lá roimh an CGB anois chun mír a liostú ar chlár an chruinnithe nó chun leasú bunreachta a mholadh.

⇒ Socraíodh go bhfágfaí an táille ballraíochta mar a bhí in 2009— is é sin €50 do lánbhaill agus €25 do chomhbhaill.

Eagraíodh grúpaí plé agus bhí deis ag daoine smaointe a nochtadh mar gheall ar cad ba mhaith leo go ndéanfaí sa chlub le linn 2009/10. Moladh turais, imeachtaí sóisialta agus tuilleadh cúrsaí agus cineálacha éagsúla siúlóidí. Mar a léifidh tú sa nuachtlitir seo, tá cuid de na smaointe curtha i bhfeidhm cheana féin agus imeachtaí dá réir pleanáilte ag an gcoiste, ach beidh fáilte mhór roimh aon bhall atá sásta siúlóid, turas nó ócáid eile a eagrú. Téigh i dteagmháil linn le do thoil.

Toghadh coiste 2010.

⇒ Cathaoirleach: Seán Ó Fearghail
⇒ Cisteoir: Christy Doughan
⇒ Gnáth-oifigeach/Uachtarán Oinigh: Rory McGinley
⇒ Rúnaí : Bláithín Ní Liatháin
⇒ Imeachtaí agus Poiblíocht: Marie Riney
⇒ Oifigeach Gaeilge: Dara Binéid

Séasúr na Nollag Cnocadóirí ag ceiliúradh

Féile is béile, ól agus ceol.

Bhí an-oíche ag na Cnocadóirí ar an 4 Nollaig, nuair a bhailigh 22 de na baill sa bhialann *The Pig's Ear* ar Shráid Thobar Pádraig chun dinnéar na Nollag a chaitheamh. Comhghairdeas le hOonagh, Bláithín agus Finbarr a d'imigh abhaile le spotduaiseanna beaga..

Leanadh leis an gcaint agus an gcraic i dteach tábhairne Chaplins, áit a raibh club na Nollag ar siúl ag Club Sonas, ceol breá le cloisteáil, agus amhránaíocht aoibhinn ó Mháire Ní Choilm.

Níos déanaí sa mhí d'fhreastail grúpaí éagsúla de na Cnocadóirí ar 'Biffo Béar', geamaireacht stáitse a bhí á léiriú ag Aisteoirí Bulfin. Bhí an seó féin an-taitneamhach agus ba dheas tacú le grúpa Gaelach eile sa chathair.

Féilire

Achoimre ar na siúlóidí agus na himeachtaí a bheidh ar siúl i bhFeabhra agus Márta. Tuilleadh eolais ar **www.cnocadoiri.com**.

Feabhra		
14 Feabhra	An Domhnach	Gnáthshiúlóid mheánach
28 Feabhra	An Domhnach	Siúlóid éasca/mheánach
Márta		
11 Márta	Déardaoin	Rith 2010—Rith leis na Cnocadóirí
12-14 Márta	Aoine-Domhnach	Deireadh seachtaine sna Beanna Boirche
14 Márta	An Domhnach	Siúlóid sna Beanna Boirche
17 Márta	Lá Fhéile Pádraig	Gnáthshiúlóid mheánach
28 Márta	An Domhnach	Siúlóid fhada dhian



Turas go Príosún Chill Mhaighneann

Ar an 30 Eanáir thug 15 de na Cnocadóirí cuairt ar Phríosún Chill Mhaighneann Roinn an treoraí, an tUas. Ó Doibhlinn, a chuid eolais agus scéalta go flaithiúil linn, agus bhaineamar fíorthaitneamh as an turas. Agus bhíomar buíoch den chupán caife te sa chaife ina dhiaidh leis … rud nach raibh ar fáil do phríosúnaigh Chill Mhaighneann sna blianta atá thart! Míle buíochas le foireann an phríosúin, agus le Rory a d'eagraigh an turas.

Bí ar an eolas lenár bhféilire idirghníomhach.

Níl sa liosta ar lch.2 ach achoimre ar na siúlóidí agus na hócáidí atá pleanáilte cheana féin— is cinnte go n-eagrófar imeachtaí eile le linn na bliana, agus cuirfear na sonraí ar an bhféilire ar an suíomh de réir a chéile.
Níl le déanamh ach cliceáil ar dháta ar bith a bhfuil dath air, agus taispeánfar sonraí breise faoina bhfuil beartaithe an lá sin.



Na Beanna Boirche—Márta 2010

Tá deireadh seachtaine siúlóide á eagrú againn sna Beanna Boirche ón 12-14 Márta.
Tá dhá rogha ag daoine …

⇒ fanacht thar oíche ar an Aoine agus ar an Satharn nó

⇒ tiomáint díreach go Cill Chaoil ar maidin, bualadh leis an ngrúpa ansin agus siúlóidí lae a dhéanamh. Beimíd ag tosú ag siúl luath go leor (9:00 - 9:30).

Dóibh siúd ar mhaith leo fanacht thar oíche, cosnóidh sé €100 le haghaidh 2 X B&B, lón & dinnéar.
Más mian leat go gcuirfear lóistín in áirithint duit cuir scéal chugainn láithreach

An cara na gCnocadóirí thú?

Tá na Cnocadóirí ar Facebook anois. Má tá cuntas Facebook agat féin déan cairdeas leis na Cnocadóirí le do thoil. Sa chaoi seo scaipfear eolas faoin gclub ar phobal níos leithne, agus neartófar an club de réir a chéile.

Rith 2010—Rith leis na Cnocadóirí

Féile náisiúnta is ea Rith 2010 a bheidh ar siúl ón 10-17 Márta 2010. Tá cúrsa 1600km leagtha amach chun ollrith sealaíochta gan stad a dhéanamh ó Bhéal Feirste go Gaillimh thar 7 lá. Beidh grúpaí pobail agus eagraíochtaí eile in ann ciliméadar a cheannach, agus úsáidfear an t-airgead le tacaíocht a thabhairt do thograí ar fud na tíre, a chothaíonn agus a spreagann úsáid na Gaeilge mar theanga pobail.
Beidh an baitín sealaíochta á iompar ag **na Cnocadóirí** ar feadh ciliméadair ar Shráid Chorcaí i mBÁC 8 ar an Déardaoin, an 11 Márta thart ar a 8 a chlog san oíche. Tá súil againn go dtiocfaidh baill uile an chlub amach agus go rithfidh siad linn.

Deireadh seachtaine sa Bhreatain Bheag

Tá deireadh seachtaine siúl sléibhe á eagrú again i gceantar Snowdonia ón 14-16 Bealtaine. Rachaimid sall ar an mbád gasta tráthnóna Aoine, agus fillfimid ar an Domhnach.
Beimid ag siúl ar Snowdon ar an Satharn (rogha idir bealach deacair nó éasca) agus beidh siúlóid bhog againn ar an Domhnach.
Fanfaimid i mbrú Trigonos: **www.trigonos.org**.
Scaipfear sonraí breise níos cóngraí don am, ach níl ach 16 spás curtha in áirithint, mar sin, más mian leat d'ainm a chur ar an liosta cuir scéala chugainn go luath.

Réamhfhógra: Turas an tsamhraidh

Seo linn ag siúl san Eilvéis! D'éirigh chomh maith leis an turas go dtí na Dolaimítigh anuraidh (féach na grianghraif ar **www.cnocadoiri.com/dolaimitigh.html)** go n-eagrófar turas eile thar lear an samhradh seo.
An bhliain seo tabharfaidh buíon de na Cnocadóirí aghaidh ar cheantar an Jungfrau agus an Eiger san Eilvéis ag deireadh mhí Lúnasa. Scaipfear sonraí faoi níos déanaí, ach seo réamhfhógra do dhaoine a bhfuil laethanta saoire an tsamhraidh á bpleanáil acu cheana féin.

Seaicéid lomra na gCnocadóirí ar díol arís

Mar is eol duit cheana féin, is dócha, tá earraí éagsúla (t-léinte, mugaí, caipíní, naprúin, málaí, scáthanna báistí srl) a bhfuil lógó na gCnocadóirí orthu ar díol ar dhá shuíomh ghréasáin:
www.gaelshirt.com
www.cafepress.com/cnocadoiri

Is ón gclub amháin atá na seaicéid lomra ar díol áfach. Ordaíodh slám amháin ag deireadh an tsamhraidh seo caite, ach toisc spéis a bheith léirithe ag baill eile ó shin, cuirfear ordú eile isteach ag deireadh mhí Feabhra.

Foirm Ordaithe

Más mian leat seaicéad a ordú:
⇒ líon an fhoirm leictreonach ar **www.cnocadoiri.com/ordaighseaicead.html**
⇒ nó líon an fhoirm seo thíos agus tabhair do Christy nó do bhall eile an choiste é ar cheann de na siúlóidí.

Ní bheidh an t-ordú déanta, áfach, go dtí go bhfaighimid íocaíocht uait.
Spriocdháta: 28 Feabhra 2010

Ainm			
Seoladh ríomhphoist			
Inscne	☐ Seaicéad fir ☐ Seaicéad mná		
Tomhais (cuir tic sa bhosca cuí)	☐ XS 34”-36”	☐ S 36”-38”	☐ M 38”-40”
	☐ L 40”-42”	☐ XL 42”-44”	☐ 2XL 44”46”
Dath (cuir tic sa bhosca cuí)	☐ Dubh	☐ Dúghorm	☐ Fíondearg
	☐ Gorm	☐ Dearg	☐ Dúghlas
	☐ Liath	☐ Oráiste	☐ Spéirghorm
Costas (cuir tic sa bhosca cuí)	☐ €25 Praghas speisialta (do bhaill chláraithe an chlub amháin) ☐ €30 Gnáthphraghas		
Modh íocaíochta (cuir tic sa bhosca cuí)	☐ Cuirfidh mé seic sa phost, cuir an seoladh chugam le do thoil ☐ Íocfaidh mé díreach isteach sa chuntas bainc, cuir na sonraí bainc chugam le do thoil		
Nótaí breise (más gá)			

Seachadadh
Cuirfear scéala chugat nuair a bheidh na seaicéid ar fad faighte againn. Dáilfear iad ar na siúlóidí/imeachtaí sóisialta. Tá brón orainn, ach ní féidir linn seaicéid a chur amach sa phost.